

SÍOLRUGHADH ÉISG

Is ar an tanaidhe a shíolruigheanns na bric. Shíolródh siad san abhainn a mbeadh gaineamh ann. Má bhíonn gaineamh sa tanaidhe ar an loch féin síolróchaidh siad ann. Nuair a bhíos eochraidh curtha sa ngaineamh tiocfaidh an breac rua atá fásta in an-mhéid, tiocfaidh sé ón loch agus íosfaidh sé an eochraidh. Beireann breac baineann an eochraidh sa ngaineamh. Leigeann an breac fireann an lábán anuas ar an eochraidh. Cuireann siad gaineamh anuas ar an eochraidh. Cuireann an breac fireann cuid mhaith gainimh uirthe agus clocha i riocht nach mbeidh sruth dá thabhairt leis.